C/2024/3382

31.5.2024

Tuairim Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 261/2004, (CE) Uimh. 1107/2006, (AE) Uimh. 1177/2010, (AE) Uimh. 181/2011 agus (AE) 2021/782 a mhéid a bhaineann le forfheidhmiú ceart paisinéirí san Aontas

(COM(2023) 753 final – 2023/0437 (COD))

agus

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs turas ilmhódach

(COM(2023) 752 final – 2023/0436 (COD))

(C/2024/3382)

Rapóirtéir: **Ileana IZVERNICEANU DE LA IGLESIA**

Comhairliúchán	Comhairle an Aontais Eorpaigh, 29.1.2024 agus 1.2.2024 Parlaimint na hEorpa, 8.2.2024
Bunús dlí	Airteagail 91(1), 100 (2) agus 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
An rannóg atá freagrach	Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise
Dáta a glactha sa rannóg	28.2.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	20.3.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	586
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	212/1/2

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Tacaíonn CESE leis an rialachán nua a mhol an Coimisiún, arb é is aidhm dó feabhas a chur ar chearta paisinéirí agus a áirithiú go gcuirfear fáisnéis níos fearr ar fáil dóibh. Ba cheart breathnú ar na codanna éagsúla den rialachán nua sin (taisteal láneagraithe, cearta paisinéirí agus turais ilmhódacha) mar ghnéithe a chomhlánaíonn a chéile.

1.2. Creideann CESE go gcuirfidh rialáil chuí agus éifeachtach ní hamháin feabhas ar staid na bpaisinéirí, ach go gcuirfear borradh faoi thionscal na hEorpa san earnáil sin freisin, rud a fhágfaidh go mbeidh tionscal na hEorpa níos iomaíche.

1.3. Is cúis imní do CESE a laghad feasachta atá ag saoránaigh ar a gcuid cearta agus ar na fadhbanna a bhaineann lena bhfeidhmiú. Faisnéis a chur ar fáil, sin an dóigh is úsáidí agus is éifeachtaí, dar le CESE, chun paisinéirí a chur ar an eolas faoina gcearta agus chun go mbeidh siad in ann na cearta sin a fheidhmiú má sháraítear iad. Dá bhrí sin, molann CESE don Choimisiún a áirithiú go gcuirfidh soláthraithe seirbhísí turasóireachta faisnéis chuimsitheach ardcháilíochta inrochtana ar fáil go díreach chuig an tomhaltóir, fiú más féidir teacht uirthi ar bhealaí eile, e.g. ar líne.

1.4. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún féachaint le feabhas a chur ar an bhfaisnéis atá ar fáil do phaisinéirí sula n-íocann siad as turas, go háirithe má chuirtear isteach ar an turas agus an fhaisnéis sin a bheith intuigthe don uile úsáideoir. Molann CESE go gcuirfí dlús le scaipeadh na faisnéise trí fheachtais faisnéise a reáchtáil.

1.5. Is díol mór sásaimh do CESE gur neartaíodh an chosaint do phaisinéirí atá faoi mhíchumas agus a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Molann CESE don Choimisiún an chosaint chéanna a thabhairt do phaisinéirí atá ag taisteal le leanaí, ós rud é gur léir gur minic a bhíonn orthu dul i ngleic le deacrachtaí agus iad ag taisteal.

1.6. Is údar sásaimh do CESE go bhfuil an rialachán faoi chaibidil ag cur leis an gComhaontú Glas trí bhorradh a chur faoin tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus molann sé gur cheart a aithint a thábhachtaí atá sé go mbeidh oibrithe dea-oilte ag obair san earnáil agus go gcaithfear go maith leo.

1.7. Tá CESE á iarraidh go mbeadh fíoréifeacht ag an rialachán, go n-urramófaí é agus, chuige sin, go ndéanfaí faireachán ar na tuarascálacha nach mór do chuideachtaí a chur isteach gach dhá bhliain agus go ngearrfaí pionóis i gcás neamhchomhlíonta.

2. **Éirim an doiciméid ón gCoimisiún**

2.1. Tá roinnt tograí glactha ag an gCoimisiún mar chuid den Phacáiste Soghluaisteachta Inbhuanaithe, tograí arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar thaithí na bpaisinéirí trína gcearta a neartú. Agus na rialacha sin á dtarraingt suas, cuireadh san áireamh na ceachtanna a foghlaimíodh le déanaí ó ghéarchéim COVID-19 agus ó fhéimheacht roinnt oibreoirí taistil, ceachtanna a chuir béim ar an ngá atá le hurraim do chearta paisinéirí a neartú sa chaoi is go bhféadfar úsáid iompair phoiblí a spreagadh thar iompar príobháideach chun rannchuidiú leis an gComhaontú Glas.

2.2. Dírítear sa togra ón gCoimisiún ar thrí ghné. Ar an gcéad ghné tá cearta paisinéirí a athbhreithniú agus a fheabhsú a mhéid a bhaineann le forfheidhmiú ceart paisinéirí san Aontas (COM (2023) 753). Ar an dara ceann, tá an togra le haghaidh Rialachán maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs turas ilmhódach agus, ar an gceann deiridh, tá an t-athbhreithniú ar Threoir 2015 maidir le Taisteal Láneagraithe. Dírítear sa tuairim seo ar an gcéad agus an dara gné den phacáiste a ghlac an Coimisiún.

2.3. Is mó tionchar a bheidh ag turais ilmhódacha san am atá romhainn. De réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí 91 mhilliún taistealaí in 2019 agus táthar ag súil go n-ardóidh an figiúr sin go 103.6 milliún in 2030 agus go 150.9 milliún in 2050.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Is díol sásaimh do CESE an t-athbhreithniú ar rialacháin Eorpacha lena rialaítear cearta paisinéirí san aeriompar, san iompar d'iarnród, san iompar d'uisce agus san iompar de bhóthar, ós rud é go measann sé gurb é an bealach is iomchuí chun an rialachán faoi chaibidil a fheabhsú, úsáid an iompair chomhchoitinn a dhreasú agus, ar an gcaoi sin, borradh a chur faoin gComhaontú Glas ná cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh.

3.2. Is údar mór sásaimh do CESE príomhchuspóirí an athbhreithnithe ar an rialachán, eadhon an ceart chun inrochtaineachta agus cúnaimh do dhaoine faoi mhíchumas agus a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe; an ceart chun an conradh iompair a chomhlíonadh i gcás suaitheadh (i gcás inarb indéanta) agus an ceart chun cúitimh; agus an ceart chun córas tapa láimhseála gearán a rochtain go héasca.

3.3. Creideann CESE go bhfuil an togra ag teacht le gealltanas an Choimisiúin faoin Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste lena áirithiú go gcuirfear cearta paisinéirí an Aontais chun feidhme i gceart, go mbeidh siad follasach do na páirtithe lena mbaineann, go n-áiritheofar cúnamh agus aisíocaíocht nuair a bhíonn fadhbanna ann, lena n-áirítear i gcás turais ilmhódacha. Ba chóir, go háirithe, smachtbhannaí iomchuí a chur i bhfeidhm i gcás ina sáraítear na rialacha sin ar dhóigh a ndéanfadh dochar do chearta paisinéirí agus don iomaíocht.

3.4. Ina dhiaidh sin féin, is é barúil CESE nach bhfuil mórán uaillmhéine sa togra ón gCoimisiún. Ní leor féachaint le hathchóiriú a dhéanamh ar na ganntanais atá ann maidir le feidhmiú agus comhlíonadh na gcearta atá ag paisinéirí cheana féin, ganntanais a tugadh chun léire i staidéir éagsúla agus ag comhlachtaí éagsúla an Aontais. Ní hamháin sin, ní thugtar isteach aon chearta nua do phaisinéirí leis agus is éard is príomhchuspóir dó cothromaíocht a bhaint amach, rud nach ndearnadh roimhe seo, idir cosaint paisinéirí agus na hoibleagáidí atá ar iompróirí agus ar bhainisteoirí bonneagair. Ní aithnítear ach an oiread ról ríthábhachtach na n-oibrithe san earnáil, ar gá oiliúint mhaith a chur orthu agus caitheamh leo go maith.

3.5. Is cúis imní do CESE a laghad feasachta atá ag saoránaigh ar a gcuid cearta agus ar na fadhbanna a bhaineann lena bhfeidhmiú. Baineadh de thátal as suirbhé speisialta ó Eorabharaiméadar in 2019 go raibh a fhios ag níos lú ná leath de shaoránaigh an Aontais go bhfuil cearta ag paisinéirí. Ina cheann sin, níl a fhios ach ag aon trian de na saoránaigh cé na cearta atá acu agus iad ag taisteal. Is fadhb é sin a bhíonn le feiceáil arís agus arís eile agus is mó fós dá réir sin an bhearna idir na saoránaigh agus cuspóir an Aontais geilleagar a thógáil a fhreastalaíonn ar riachtanais an duine. Tá CESE ag súil leis go gcuirfidh an togra ón gCoimisiún feabhas ar staid na n-úsáideoirí laistigh den Aontas Eorpach.

3.6. Sa tuairim uaidh maidir le feidhmiú agus forfheidhmiú na gceart bunaithe d'aerphaisinéirí, mhol CESE go gcuirfí leis an bhfaisnéis faoina gcuid ceart agus sásraí tapa éifeachtacha a bhunú le haghaidh aisíocaíochta i gcás moilleanna nó cealuithe. Ina ainneoin sin, tá na fadhbanna a aithníodh an tráth sin fós ann nó is ag dul in olcas atá siad de dheasca na ngéarchéimeanna éagsúla in earnáil an aeriompair.

3.7. Creideann CESE nach mór an togra reachtach a chur chun feidhme ar bhealach comhchuibhithe, mar an gcéanna leis an athbhreithniú ar Threoir (AE) 2015/2302 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil gaolmhara. Cé gur seirbhísí difriúla iad ó thaobh an dlí de, ní fusa do thomhaltóirí idirdhealú a dhéanamh eatarthu agus iad á gceannach. Molann CESE go mbeifí ar aon dul sa dá thogra ó thaobh cosaint tomhaltóirí de d'fhonn is nach mbeidh éagsúlachtaí ann a dhéanfadh difear don leibhéal iomaíochta idir na gníomhaithe margaidh éagsúla.

3.8. Is fadhb é forfheidhmiú na reachtaíochta maidir le cosaint tomhaltóirí nár réitíodh fós leis na huirlisí atá ar fáil do thomhaltóirí. I ndáiríre, ní haon dóithín é caingean dlí chomhchoiteann a thionscnamh. Bíonn fadhbanna, costais bhreise agus neamhéifeachtúlachtaí i gceist dóibh siúd go léir lena mbaineann nuair a thugtar coinbhleachtaí ó earnáil chomh mór seo chun na cúirte. Creideann CESE gur cheart sásraí poiblí, tapa agus éifeachtacha a chur chun cinn lena áirithiú go gcloífear leis na rialacha beag beann ar an gcineál seirbhíse iompair a roghnaíonn an tomhaltóir (bíodh sin go díreach leis an soláthraí, trí idirghabhálaithe fisiciúla, digiteacha nó idirmhódúla), agus sin d'fhonn cothroime idir na hoibreoirí margaidh go léir a ráthú. Ar an ábhar sin, molann sé go luafaí sna doiciméid taistil (1) cá háit ar cheart gearán den saghas sin a chur faoi bhráid an oibreora seirbhíse taistil, agus (2) cén córas eile réitigh díospóide ar féidir leis an tomhaltóir dul ina muinín mura bhfaigheann sé freagra sásúil uaidh.

3.9. Tá CESE ag iarraidh go gcuirfí feabhas ar éifeachtacht na sásraí um réiteach díospóidí trasteorann, ós rud é go n-eagraítear cuid shuntasach den taisteal agus de na socruithe lena mbaineann le hoibreoirí margaidh atá bunaithe lasmuigh den tír ina bhfuil an conradh ag an úsáideoir. I ndáil leis an méid sin, meabhraíonn CESE gurb ann don líonra 'TravelNet', arb é is aidhm dó réiteach díospóidí trasteorann a éascú, agus molann sé don Choimisiún a bharúlacha a chur san áireamh sa togra reachtach faoi chaibidil.

3.10. Ar an gcaoi sin, meabhraíonn CESE gur airde i bhfad an leibhéal cosanta do phaisinéirí anois tar éis comhchuibhiú chearta na bpaisinéirí ar leibhéal an Aontais, arbh é ab aidhm dó cothroime iomaíochta a áirithiú do na gníomhaithe uile a bhfuil baint acu le soláthar seirbhísí iompair. Dála an Choimisiúin, creideann CESE, ach paisinéirí a chosaint i gceart gur mhó an seans go mbainfidís úsáid as an iompar poiblí. Dá thoradh sin, chuirfí go mór leis an gComhaontú Glas agus chuirfí iomaíocht chóir agus éifeachtach chun cinn idir na gníomhaithe éagsúla (iompróirí, bainisteoirí bonneagair, idirghabhálaithe), rud a chothóidh forbairt tionscail láidir atá fabhrach don fhostaíocht i réimse an iompair paisinéirí.

3.11. D'ainneoin gur fearr go mór an chosaint a thugtar do phaisinéirí anois, léiríodh le féimheachtaí i measc aerlínte agus oibreoirí agus, thar aon ní eile, le tionchar COVID-19, nach ionann na hoibleagáidí atá ar na hoibreoirí éagsúla a bhfuil baint acu le turas a mhéid a bhaineann le hárachas dócmhainneachta nó cistí ráthaíochta. Bíodh is go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún breathnú ar an ábhar sin i ngníomhartha reachtacha eile a bheidh ann amach anseo, creideann CESE go bhfuil córais láidre dócmhainneachta ag teastáil a bheidh infheidhme maidir leis na gníomhaithe agus na hoibreoirí uile a bhfuil baint acu le turas, beag beann ar a méid (FBManna agus cuideachtaí móra), agus sin d'fhonn is go mbeidh feidhm ag rialacha comhchosúla maidir le rioscaí comhchosúla.

4. **Barúlacha sonracha**

4.1. Tá CESE i bhfách leis an togra ón gCoimisiún an ceart chun aisíocaíochta a rialáil go soiléir i gcás ina gcuirtear ticéid in áirithe trí idirghabhálaí. Luíonn sé le réasún go mbeidh sé faoin iompróir a chinneadh, le toil an idirghabhálaí, cé chuige ar cheart don tomhaltóir iarratas a sheoladh, óir beidh a fhios ag an tomhaltóir tráth na háirithinte cé chuige ar cheart dó aon éileamh ar chúiteamh nó aisíocaíocht a chur. Creideann CESE, áfach, gur cheart na rialacha sonracha le haghaidh idirghabhálaithe a bhfuil feidhm acu maidir leis an aeriompar a leathnú chuig gach modh iompair eile d'fhonn comhchuibhiú agus comhionannas idir na modhanna éagsúla iompair a áirithiú.

4.2. Tá CESE i bhfabhar na rialacha atá beartaithe maidir le haisíocaíocht trí idirghabhálaithe a leagtar amach sa togra. Tugtar soiléireacht sa togra trí oibleagáid a thabhairt isteach go gcuirfear an tomhaltóir ar an eolas maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha maidir le haisíocaíocht a fháil, go ndéanfar sin ar dhóigh shoiléir shimplí tráth na háirithinte, go mbeidh an aisíocaíocht saor in aisce agus go ndéanfar é laistigh de 14 lá.

4.3. Measann CESE gur den ríthábhacht é, más uainn sásra éifeachtach aisíocaíochta a áirithiú, gur cheart faisnéis maidir le tomhaltóirí a aistriú go hiomchuí idir idirghabhálaithe agus aerlínte agus leibhéil iomchuí iomaíochta á n-áirithiú san am céanna. Is é a bharúil, dá bhrí sin, gurb iomchuí an ghné sin a rialáil, agus go háirithe na coimircí maidir leis an uastréimhse coinneála sonraí agus cuspóir ar leith a bheith ann na sonraí sin a choinneáil, i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

4.4. Is iomaí uair atá sé tugtha chun suntais in obair éagsúil an Choimisiúin gur íseal an leibhéal comhlíontachta le cearta paisinéirí sna modhanna éagsúla iompair. Cúis amháin leis sin is ea nach léir d'úsáideoirí go bhfuil na cearta thuasluaite acu. Is díol sásaimh do CESE gur cruthaíodh nós imeachta caighdeánach aisíocaíochta agus cúitimh a bheidh feidhm aige maidir le gach modh iompair. A bhuí leis an tsamhail sin, is lú costais a bheidh ar ghnólachtaí agus is fusa a bheidh sé do gach tomhaltóir a bheith ar an eolas. Ar a mhuin sin, ba cheart do na comhlachtaí náisiúnta grinnscrúdaithe a ráthú go mbeidh an fhoirm ábhartha ar fáil i gcónaí do thomhaltóirí. Ar an dóigh sin, spreagfar a húsáid fhorleathan agus is fearr a bheidh an chomhlíontacht, arb é sin príomhchuspóir an athchóirithe atá beartaithe. Ba cheart a cheangal ar iompróirí a bheith trédhearcach má chuirtear clásal *force majeure* i bhfeidhm le linn nósanna imeachta gearáin. Má mhaíonn an t-iompróir gur cuireadh moill ar thuras nó gur cuireadh turas ar ceal ar chúiseanna *force majeure*, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí air fianaise a chur ar fáil gur tharla sin (e.g. trí réamhaisnéis na haimsire ón áit agus ón am i gceist a chur ar fáil). Níor cheart an clásal *force majeure* a chur i bhfeidhm gan fáth chun diúltú d'éilimh.

4.5. Ar an gcaoi chéanna, measann CESE gurb iomchuí an cur chuige 'rioscabhunaithe' a ghlactar sa togra. Leis sin, forbróidh na comhlachtaí náisiúnta grinnscrúdaithe cláir faireacháin chun súil a choinneáil ar chomhlíonadh oibleagáidí an Rialacháin ag iompróirí, ag oibreoirí bonneagair agus ag idirghabhálaithe, agus sin bunaithe ar ghearáin ó thomhaltóirí agus ar ghníomhaíochtaí faireacháin. Is é is aidhm don chóras sin trédhearcacht a áirithiú agus feabhas a chur ar éifeachtacht na sásraí cosanta a leagtar amach sa reachtaíocht.

4.6. Ba cheart an t-ualach a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an Rialacháin ag oibreoirí aonair a bheith ar chomhlachtaí náisiúnta grinnscrúdaithe agus ba chóir na feidhmeanna céanna a bheith acu i ngach Ballstát. Mar sin féin, ní mór don Choimisiún ról gníomhach a bheith aige i gcónaí, go háirithe chomh fada agus a bhaineann le cleachtais a bhfuil éifeacht acu i roinnt Ballstát. Creideann CESE gur gá raon feidhme an Choimisiúin a leathnú i dtaca le himscrúdú agus smachtbhannaí a fhorchur ar chleachtais má mheastar go bhfuil siad ag teacht salach ar an Rialachán. Áirítear sa togra an fhéidearthacht faisnéis a iarraidh gan na féidearthachtaí le haghaidh gníomhaíochta a shonrú. Ina theannta sin, ní bhaineann sin ach le hiompar de bhóthar, le hiompar d'iarnród agus le muiriompar. Níl údar leordhóthanach leis an aeriompar a eisiamh uaidh sin agus ba cheart difríochtaí sa dóigh a gcaitear leis na modhanna éagsúla iompair a sheachaint.

4.7. Is díol sásaimh do CESE an togra ón gCoimisiún maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs turas ilmhódach. Is dóigh iad turais ilmhódacha chun úsáid an iompair chomhchoitinn de rogha ar ghluaisteáin phríobháideacha a chur chun cinn. Is mórthábhachtach an tsoghluaisteacht ilmhódach éifeachtach chun go mbeidh an t-iompar inbhuanaithe agus chun cur leis an gComhaontú Glas don Eoraip.

4.8. Tá rabhadh á thabhairt ag CESE go bhfuil fadhb mhór le sárú ag taistealaithe atá ag smaoineamh ar thuras ilmhódach a roghnú agus turas fada á dhéanamh acu, mar atá, an easpa cosanta leordhóthanaí, go háirithe i gcás cur isteach ar thuras. Dar le CESE, má dhéantar na turais sin a fheabhsú agus a chothromú i ndáil leis sin, go mbeidh an rogha sin níos tarraingtí do thaistealaithe, gan amhras. Cuireann CESE i bhfáth go gcuireann an reachtaíocht seo feabhas suntasach ar chosaint daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe trí fhoráil shonrach a dhéanamh maidir leis an gceart chun cúnaimh le linn turas agus in ionaid ilmhódacha paisinéirí araon.

4.9. Is údar sásaimh do CESE struchtúr an Rialacháin atá beartaithe, ós rud é go n-éascaítear leis comhchuibhiú na rialacha maidir le húsáideoirí iompair a chosaint beag beann ar an modh iompair, go seachnaítear neamhionannais agus go spreagtar iomaíocht agus comhlántacht idir na modhanna éagsúla iompair.

4.10. Cé gur rud dearfach atá sa tionscnamh, measann CESE go bhfuil teorainn leis an gcosaint a thugtar do phaisinéirí leis an togra le haghaidh Rialacháin. A mhéid a bhaineann le conarthaí ilmhódacha aonair, d'fhéadfaí feabhas a dhéanamh go fóill. Is é barúil CESE go mbeadh sé riachtanach freisin na hoibleagáidí cúraim agus cúnaimh a shainiú ar bhealach níos soiléire ionas nach mbeidh na gníomhaithe siúd a bhfuil sé d'oibleagáid orthu cúram agus cúnamh a thabhairt i ngach cás in ann dul timpeall orthu go héasca. Mura sainítear téarmaí an chúnaimh go beacht, is baolach gurb é an t-iompróir amháin a bheidh freagrach agus d'fhéadfadh sé nach gcuirfeadh sé an cúnamh sin ar fáil agus go ndéanfar dochar don phaisinéir a bheadh an-deacair a leigheas. Ar an dóigh chéanna, is oth le CESE nach ndéantar foráil maidir le cúiteamh ar thicéid lán-chomhtháite.

4.11. Measann CESE go bhfuil sé ríthábhachtach spás Eorpach sonraí soghluaisteachta a chruthú chun na bacainní a bhaineann le hilroinnt sonraí idir cuideachtaí, oibreoirí agus riarthóirí éagsúla a shárú, rud a fhágann gur deacair faisnéis fíor-ama a chur ar fáil d'úsáideoirí. Is constaic thromchúiseach é sin a fhágann nach fusa leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann le digitiú an iompair agus le dálaí iomaíocha iomchuí a chruthú maidir le soghluaisteacht dhigiteach agus seirbhísí iompair a sholáthar san Aontas, rud a d'fhéadfadh cur le cáilíocht na seirbhísí, leis an ilmhódúlacht, leis an tsábháilteacht ar bhóithre agus leis an inbhuanaitheacht agus, san am céanna, ligean do ghníomhaithe sa mhargadh tairbhe a bhaint as deiseanna nua gnó agus as nuálaíocht, a mbeadh iompar níos éifeachtúla agus níos costéifeachtaí mar thoradh orthu.

4.12. Mar an gcéanna, bíodh is nach ndírítear ar an ábhar seo sa tuairim seo, measann CESE nach foláir aird a tharraingt ar fhadhb mhór an tsaofa iomaíochta atá ann de cheal rialachán sonrach maidir le bagáiste láimhe agus é a bheith san áireamh i bpraghsanna ticéad. Tugann CESE chun cuimhne an breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcás C-487/12 ([1]), ar dá réir nár cheart praghas breise a bheith ag gabháil le bagáiste láimhe. Cuireann sé in iúl, ar an ábhar sin, nach mór an raon feidhme agus na ceanglais shonracha maidir le meáchan agus toisí an bhagáiste láimhe a shainiú a luaithe is féidir. Faoi mar a iarradh i dtuairimí roimhe seo, ba cheart *acquis* Chúirt Bhreithiúnais an Aontais ar an ábhar seo a thrasuí sa reachtaíocht maidir le cosaint tomhaltóirí.

An Bhruiséil, 20 Márta 2024.

An tUachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([1]) Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 18 Meán Fómhair 2014.Vueling Airlines SA v Instituto Galego de Consumo de la Xunta de Galicia, C-487/12, ECLI:EU:C:2014:2232.